



Coimisiún na Scrúduithe Stáit

SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2003

CUNTASAÍOCHT - ARDLEIBHÉAL

(400 marc)

DÉARDAOIN, 12 MEITHEAMH 2003 - MAIDIN 9.30 a.m. go dtí 12.30 p.m.

Tá an páipéar seo leagtha amach i 3 Roinn:

Roinn 1: Cuntasaíocht Airgeadais (120 marc).

Tá 4 cheist sa roinn seo (Uimhreacha 1-4). Tá 120 marc ar an gcéad cheist agus tá 60 marc an ceann ar na trí cheist eile.
Ba chóir d'iarrthóirí **CEIST 1 amháin** a fhreagairt NÓ tabhairt faoi **DHÁ** cheann ar bith de na trí cheist eile sa roinn seo.

Roinn 2: Cuntasaíocht Airgeadais (200 marc).

Tá 3 cheist sa roinn seo (Uimhreacha 5-7). Tá 100 marc ar gach ceist.
Ba chóir d'iarrthóirí **DHÁ** cheann ar bith de na ceisteanna a fhreagairt.

Roinn 3: Cuntasaíocht Bhainistíochta (80 marc).

Tá dhá cheist sa roinn seo (Uimhreacha 8 agus 9). Tá 80 marc ar gach ceist.
Ba chóir d'iarrthóirí **CEANN AMHÁIN** de na ceisteanna seo a fhreagairt.

Áireamháin

Is ceadmhach áireamháin a úsáid agus ceisteanna ar an bpáipéar seo á bhfreagairt: tá sé fíorthábhachtach, áfach, go dtaispeánfar oibrithe s(n)a leabha(i)r freagraí sa chaoi gur féidir creidiúint iomlán a thabhairt ar obair cheart.

ROINN 1 (120 Marc)
Freagair Ceist 1 NÓ DHÁ cheist
ar bith eile

1. Trádálaí Aonair - Cuntais Chríochnaitheacha

Baineadh an comhardú trialach as leabhair M. Uí Bhriain ar 31/12/2002.

	€	€
Infheistíochtaí 9% 1/6/2002	200,000	
Foirgnimh (costas €980,000)	933,000	
Veaineanna seachadta (costas €150,000)	80,500	
Morgáiste Seasta 5% (méadú ar mhorgáiste €200,000 5% san áireamh a fuarthas ar 1/4/2002)		500,000
Paitinní (ioncam infheistíochta 3 mhí faighte san áireamh)	55,500	
Féichiúnaithe agus creidiúnaithe	77,600	86,500
Ceannacháin agus Díolacháin	668,000	982,000
Stoic 1/1/2002	67,700	
Coimisiún	24,000	
Soláthar in aghaidh Drochfhiach		3,800
Tuarastail agus Speansais Ghinearálta	194,100	
Lascaine (glan)		4,600
Cíos		15,000
Ús Morgáiste íoctha don chéad 3 mhí	4,000	
Árachas (fionraí san áireamh)	8,700	
CBL		5,500
ASPC		2,300
Banc		70,900
Tarraingtí	37,500	
Caipiteal		<u>680,000</u>
	<u>2,350,600</u>	<u>2,350,600</u>

Ní mór an t-eolas agus na treoracha seo a leanas a chur san áireamh:

- (i) Stoc ar 31/12/2002 ar a chostas ba ea €74,500. Tá stoc damáistithe san áireamh anseo a chosain €6,600 ach a bhfuil luach inréadaithe glan ar €1,900 air anois.
- (ii) Soláthar a dhéanamh in aghaidh dímhéasa ar veaineanna ar an ráta bliantúil 15% dá gcostas ón dáta ceannaigh go dtí an dáta díola.
 NÓTA: Ar 31/3/2002 trádáladh veain seachadta a chosain €42,000 ar 31/5/1999 in aghaidh veain nua a chosain €48,000. Lamháladh €20,000 i leith an tseanveain. Breacadh an seic ar ghlanmhéid an idirbhirt seo sa Chuntas Banc ach trí earráid, pléadh leis an seic mar cheannachán stoc trádála. B'iad seo na hiontrála amháin a rinneadh sna leabhair i leith an idirbhirt seo.
- (iii) Tá paitinní, agus ioncam infheistíochta 3 mhí san áireamh, le díscríobh thar tréimhse 5 bliana ag tosú i 2002.
- (iv) Eascraíonn an figiúr fionraí as breacadh figiúir a bhí mícheart i leith ús morgáiste don chuntas ús morgáiste agus lascaine faighte €700 breactha i gCuntas na gcreidiúnaithe amháin. Iontráladh an t-ús ceart sa chuntas bainc.
- (v) Tá soláthar le déanamh d'ús morgáiste dlite.
- (vi) Ceannaíodh trádstóras i gcaitheamh na bliana ar €240,000 móide CBL 12.5%. Breacadh an tsuim a íocadh leis an díoltóir i gCuntas na bhFoirgneamh. Níor breacadh aon ní sa chuntas CBL.
- (vii) Déantar soláthar in aghaidh Dímhéasa ar fhoirgnimh ar ráta 2% dá gcostas in aghaidh na bliana. Cinneadh athluacháil a dhéanamh ar na foirgnimh ar €1,100,000 ar 31/12/2002.
- (viii) Tá an soláthar in aghaidh drochfhiach le coigeartú go dtí 4% de na fiachóirí.

Iarrtar ort iad seo a ullmhú:

- (a) Cuntas Trádála, Brabúis agus Cailteanais don bhliain dar chríoch 31/12/2002. (75)
- (b) Clár Comhardaithe mar a bheadh ar 31/12/2002. (45)

(120 marc)

2. Cuntais Fhoilsithe

Tá caipiteal údaraithe €900,000 ag Coirce Tta., agus é roinnte de réir 700,000 Gnáthscair ar €1 an ceann agus 200,000 Scair Thosaíochta 8% ar €1 an ceann. Baineadh an Comhardú Trialach seo a leanas as na leabhair ar 31/12/2002.

	€	€
Paitinn	56,000	
Infheistíochtaí 9% 1/1/2002	120,000	
Talamh agus Foirgneamh (athluacháilte ar 1/7/2002)	880,000	
Cúlchiste Athluachála		260,000
Veaineanna seachadta ar a gcostas	145,000	
Veaineanna seachadta – dímheas carntha ar 1/1/2002		68,000
Féichiúnaithe agus Creidiúnaithe	187,000	98,000
Ceannacháin agus Díolacháin	696,000	1,105,000
Stoic 1/1/2002	75,000	
Táillí Stiúrthóirí	84,000	
Tuarastail agus Speansais Ghinearálta	177,000	
Lascaine		6,160
Fógraíocht	21,000	
Ioncam Infheistíochta		8,100
Brabús ar thalamh a dhíol		85,000
Cíos	32,000	
Díbhinní eatramhacha don 6 mhí thosaigh	27,000	
Iarmhéid Brabúis agus Cailteanais 1/1/2002		73,700
Bintiúir 8% (2008/2009) bintiúir €120,000, 8%, san áireamh a eisíodh ar 1/8/2002)		270,000
Banc		17,740
CBL		8,300
Caipiteal eisithe		
350,000 Gnáthscair ar €1 an ceann		350,000
150,000 Scair Thosaíochta 8%		150,000
	<u>2,500,000</u>	<u>2,500,000</u>

Baineann an t-eolas seo a leanas le hábhar freisin:

- (i) Luacháladh stoc ar 31/12/2002 ar €77,000 ar bhonn thús isteach tús amach.
- (ii) Fuarthas an phaitinn ar 1/1/1999 ar €80,000. Tá sí á hamúchadh thar 10 mbliana ina gálaí cothroma. Ba chóir an t-amúchadh a chur san áireamh i gcostas na ndíolachán.
- (iii) Ar 1/7/2002 fuair na gnáthscairshealbhóirí díbhinn eatramhach €21,000 agus fuair na scairshealbhóirí tosaíochta €6,000. Molann na stiúrthóirí an díbhinn tosaíochta atá dlite a íoc mar aon le díbhinn deiridh ar ghnáthscaireanna agus dá bhrí sin an ghnáthdhíbhinn iomlán á tabhairt suas chuig 16c an scair don bhliain.
- (iv) Ar 1/7/2002 díoladh ar €175,000 talamh a chosain €90,000 tráth. Ar an dáta sin, rinneadh athluacháil ar €880,000 ar an talamh agus ar na foirgnimh a bhí fágtha. Tá talamh ar luach €180,000 san áireamh san athluacháil seo a raibh costas €70,000 uirthi i dtús ama. Bhí costas €550,000 i dtús ama ar na foirgnimh athluacháilte.
- (v) Déantar soláthar dímheasa mar a leanas:
 - Veaineanna seachadta ar ráta 20% dá gcostas
 - Foirgnimh ar ráta 2% sa bhliain den chostas go dtí dáta na hathluachála agus ina dhiaidh sin ar ráta 2% sa bhliain den fhigiúr athluacháilte.
- (vi) Déan soláthar d'ús bintiúir dlite, ioncam infheistíochta dlite, táillí iniúchóirí €7,700 agus cáin €33,000.

Iarrtar ort iad seo a ullmhú:

- (a) An cuntas foilsithe brabúis agus cailteanais don bhliain dar chríoch 31/12/2002 faoi réir Achtanna na gCuideachtaí agus na gcaighdeán cuí cuntasaíochta agus na nótaí seo a leanas á dtaispeáint:
 1. Nóta bheartas cuntasaíochta maidir le stoc agus dímheas
 2. Díbhinní
 3. Ús dlite
 4. Brabús oibriúcháin
 5. Brabús ar shealúchas a dhíol (50)
 - (b) Ainmnigh na háisíneachta a rialaíonn, cur ar fáil, ábhar, agus leagan amach ráitis airgid chuideachtaí. (10)
- (60 marc)**

3. Cuntas Rialúcháin Fiachóirí

Thaispeáin Cuntas Rialúcháin Mhórleabhar na bhFiachóirí ag T. Ó Dubhda na hiarmhéideanna seo a leanas – dochar €33,444 agus sochar €633 ar 31/12/2002. Ní raibh na figiúirí seo ag réiteach leis na sleachta as Sceideal (Liosta) Iarmhéideanna na bhFiachóirí an lá céanna. Léirigh scrúdú ar na leabhair an méid seo a leanas.

- (i) Breacadh i gceart sna leabhair seic ar €850 a fuarthas ó fhiachóir mar shocrú iomlán ar fhiach €880. Obadh an seic seo áfach, ach ní dearnadh aon iontráil sna leabhair, maidir leis an seic a cuireadh ar ceal.
- (ii) Bhreac Ó Dubhda díolacháin airgid €1,800 agus díolacháin chreidmheasa €800 do shochar chuntas chustaiméara.
- (iii) Bhí sonrasc seolta ag Ó Dubhda chuig custaiméir ar €1,680. Breacadh é seo sa leabhar lae cuí mar €1,860. Agus seo á bhreacadh ón leabhar seo go dtí an mórleabhar ní raibh aon iontráil déanta sa chuntas chustaiméara.
- (iv) Seoladh nóta creidmheasa chuig custaiméir ar €566. Ba é €56 an t-aon iontráil a rinneadh sna leabhair, agus é sin breactha do dhochar chuntas chustaiméara.
- (v) Bhí ús €82 gearrtha ag Ó Dubhda ar fhiachóir i leith chuntas a bhí dlíthe thar téarma. Ba é €28 an t-aon iontráil sna leabhair i leith an úis seo, agus é sin breactha chun sochar chuntas an chustaiméara. De thoradh gearáin, laghdaíodh an t-ús seo chuig €20, ach níor léirigh na cuntais an laghdú seo.
- (vi) Ghlac Ó Dubhda le haischuir díolacháin €400 ó chustaiméir agus breacadh é seo i gceart sna leabhair. Sheol an rúnaí nóta creidmheasa amach, áfach, a léirigh muirear athstocála 10% den phraghas díolacháin. Ní dhearna an rúnaí an coigeartú riachtanach ach amháin i gcuntas an chustaiméara. Laghdaíodh an muirear seo go dtí 6% ar ball, ach níor léirigh na cuntais an laghdú seo.

Iarrtar ort iad seo a leanas a thaispeáint:

- (a) Cuntas Rialúcháin Mhórleabhar na bhFiachóirí Coigeartaithe. (35)
 - (b) Sceideal na bhFiachóirí Coigeartaithe agus an t-iarmhéid tosaigh á léiriú ann. (25)
- (60 marc)**

4. Athluacháil ar Shócmhainní Seasta

Ar 1 Eanáir 1998 bhí sealúchas a chosain €630,000 ag Ó Floinn Tta., comhdhéanta de Thalamh ar €210,000 agus d'fhoirgnimh ar €420,000. Dímheasann an chuideachta a cuid sócmhainní ar ráta 2% ar an modh dronlíneach. Is é polasaí na cuideachta é bliain iomlán dímheasa a chur i bhfeidhm i mbliain an cheannaigh agus gan aon dímheas in aon chor a dhéanamh sa bhliain diúscartha. Ba amhlaidh a ceannaíodh an sealúchas seo deich mbliana roimhe sin, agus gearradh dímheas ina leith in aghaidh na mbrabús gach bliain de na deich mbliana sin (Ní dhéantar aon dímheas ar thalamh).

Baineadh na sonraí seo a leanas as leabhair an ghnólachta:

- Ean 1 1998 Sealúchas athluacháilte ar €750,000. Bhain €250,000 den athluacháil seo le talamh.
- Ean 1 1999 Talamh a chosain €210,000 díolta ar €320,000, ach rinneadh athluacháil air idir dhá linn ar 1/1/1998.
- Ean 1 2000 Foirgnimh ceannaithe ar €340,000. I gcaitheamh 2000, íocadh €80,000 le conraitheoir tógála chun síneadh a chur leis na foirgnimh seo, a ceannaíodh go gairid roimhe sin. D'oibrigh fostaithe na cuideachta féin ar an síneadh chomh maith, agus d'íoc Ó Floinn Tta. €30,000 pá leo ina iomláine as an obair seo.
- Ean 1 2001 Foirgnimh ina seilbh athluacháilte ar €1,045,000. (Méadú 10% i gcás gach foirgnimh ar leith.)
- Ean 1 2002 Na foirgnimh a bhí i seilbh an ghnólachta ar 1/1/1998 díolta ar €590,000. Rinneadh athluacháil ar na foirgnimh eile ar €620,000.

Iarrtar ort:

Na cuntais ábhartha mórleabhair a ullmhú maidir leis na bearta thuas do na cúig bliana go dtí 31 Nollaig 2002. **(Ní gá Cuntas Bainc ná Cuntas Brabúis agus Cailleanais).**

(60 marc)

ROINN 2 (200 Marc)
Freagair DHÁ cheist
ar bith

5. Léirmhíniú ar chuntais

Baineadh na figiúirí seo a leanas as cuntais chríochnaitheacha Uí Ghara Plc., déantúsóir i dtionscal an chúraim leighis, don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2002.

Cuntas Trádála agus Cuntas Brabúis agus Caillteanais don bhliain dar chríoch 31/12/2002

	€
Díolacháin	980,000
Costais earraí díolta	(620,000)
Speansais iomlána oibriúcháin don bhliain	(207,000)
Ús don bhliain	<u>(10,000)</u>
Glanbrabús don bhliain	143,000
Díbhinní molta	<u>(68,000)</u>
Brabús coinnithe don bhliain	75,000

Cóimheasanna agus figiúirí don bhliain dar chríoch 31/12/2001

Tuillimh per gnáthscair	18c
Díbhinn per gnáthscair	6.5c
Mearchóimheas	0.75 to 1
Praghas an mhargaidh ar ghnáthscair	€1.90
Toradh ar chaipiteal in úsáid	14%
Toradh ar chistí cothromais	7.6%
Cumhdach úis	9 n-uaire
Giaráil	35%

Clár Comhardaithe mar a bhí ar 31/12/2002

Sócmhainní doláimhsithe	160,000	
Sócmhainní láimhsithe	<u>790,000</u>	950,000
Sócmhainní Reatha (stoc €66,000 agus féichiúnaithe €74,000 san áireamh)		160,000
Creidiúnaithe trádála		(73,000)
Díbhinní		<u>(68,000)</u>
		<u>969,000</u>
Bintiúir 10% 2008/2009		100,000
Scairchaipiteal eisithe		
650,000 gnáthscair ar €1 an ceann		650,000
100,000 scair thosaíochta 13% ar €1 an ceann		100,000
Iarmhéid Brabúis agus Caillteanais		<u>119,000</u>
		<u>969,000</u>

Iarrtar ort

- (a) Iad seo a leanas a ríomh don bhliain 2002:
- (i) Díolacháin ar airgead más é 1 mhí an mheántréimhse creidmheasa a thugtar d'fhéichiúnaithe.
 - (ii) Tuillimh per scair.
 - (iii) Luach margaidh aon ghnáthscaire amháin más é 11 an Cóimheas Praghas Tuillimh.
 - (iv) An cumhdach gnáthdhíbhinne.
 - (v) Toradh díbhinní (50)
- (b) Tugadh deis do chara duit gnáthscaireanna a cheannach in Ó Gara Plc ach iarrann comhairle ortsa ar dtús. Cén chomhairle a thabharfá? Bain úsáid as cóimheasanna, céadatáin, mar aon le sonraí eolais ar bith eile thuas mar thaca le do chonclúidí. (50)
- (100 marc)**

6. Cuntais Chuideachta Seirbhísí

Bhí na nithe seo a leanas san áireamh i sócmhainní agus dliteanais an Ionad Sláinte Seanglíne Tta ar 1/1/2002:

Foirgnimh agus talamh ar a gcostas €520,000; Trealamh ar a chostas €90,000; Troscán ar a chostas €25,000; Stoc bianna sláinte le díol €1,500; Ola théite €660; Glantachán ar conradh réamhíochta €300; Creidiúnaithe i leith sholáthairtí don ionad sláinte €1,450. Táillí cliant réamhíochta €5,500, Infheistíochtaí €80,000; Caipiteal Údaraithe €450,000; Caipiteal Eisithe €320,000.

Tá dímheas carntha 3 bliana ar 1/1/2002 ag na sócmhainní seasta go léir.

Cuntas Fáltas agus Íocaíochtaí Ionad Sláinte Seanglíne Tta don bhliain dar chríoch 31/12/2002

Fáltais	€	Íocaíochtaí	€
Iarmhéid chuntas reatha	7,560	Tuarastail agus pána	88,240
Táillí cliant	262,600	Árachas	6,300
Ús	2,160	Solas agus teas	2,900
Fáltais siopa	67,000	Ceannacháin – siopa	41,300
Iarmhéid	9,500	Ceannacháin – soláthairtí	38,600
		Níochán éadaí	4,100
		Síneadh nua 1/1/2002	80,000
		Glantachán	2,700
		Teileafón agus postas	1,880
		Trealamh	16,000
		Aisíocaíocht ar iasacht €60,000 1/6/2002 mar aon le hús 17 mí	<u>66,800</u>
	<u>€348,820</u>		<u>€348,820</u>

Tugtar duit an t-eolas agus na treoracha breise seo a leanas:

1. Stoc deiridh ar 31/12/2002; Siopa €1,800; Ola théite €360; Leictreachas dlite 31/12/02 €290.
2. Déantar an glantachán ar conradh iníochta mí chun tosaigh agus íocaíocht €400 san áireamh ann d'Eanáir 2003.
3. San áireamh i dtáillí na gcliant tá táillí cliant €4,000 do 2003.
4. Tá riaráistí táillí cliant €650 ar 31/12/2002.
5. San áireamh sna tuarastail agus sna pána tá €16,000 sa bhliain a íoctar leis an bhfáilteoir atá i mbun an tsiopa freisin. Meastar go mbaianeann 60% den tuarastal seo mar aon le €220 den solas agus den teas, €600 den árachas agus €360 den teiléafón leis an siopa.
6. Chinn Ionad Sláinte Seanglíne Tta ar a gcuid foirgneamh agus tailte a athluacháil ar €700,000 ar 31/12/2002.
7. Tá soláthar le déanamh don dímheas mar a leanas:
Foirgnimh – 2% dá gcostas do bhliain iomlán
Trealamh – 20% dá gcostas in aghaidh na bliana
Troscán – 20% dá gcostas in aghaidh na bliana.
8. Creidiúnaithe i leith soláthairtí don ionad sláinte ar 31/12/2002 €1,600.

Iarrtar ort:

- (a) Cúlchistí na cuideachta a ríomh ar 1/1/2002. (20)
- (b) An Brabúis/ Cailteannais ón Siopa Sláinte a ríomh don bhliain dar chríoch 31/12/2002. (12)
- (c) Cuntas Brabúis agus Cailteannais a ullmhú don bhliain dar chríoch 31/12/2002. (36)
- (d) Clár Comhardaithe a ullmhú ar 31/12/2002. (32)

(100 marc)

7. Taifid neamhiomlána

Lóisteáil S. Ó hUiginn €350,000 i gcuntas gnó sa bhanc ar 1/1/2002 agus ar an lá céanna cheannaigh sé gnó ar €320,000 agus na sócmhainní agus na dliteanais seo a leanas san áireamh ann: foirgnimh €290,000, stoc €16,700, rátaí trí mhí réamhíochta €2,400, féichiúnaithe €32,500, pá dlite €3,600 agus creidiúnaithe trádála €58,000.

Le linn 2002 níor choinnigh Ó hUiginn tacar iomlán de chuntais ach measann sé gurbh ionann an brabús comhlán agus 40% de na díolacháin agus bhí sé ábalta an t-eolas breise seo a leanas a chur ar fáil ar 31/12/2002:

- (i) Gach seachtain thóg Ó hUiginn earraí ar luach €100 ón stoc agus €150 i bhfoirm airgid do speansais teaghlaigh.
- (ii) Ar 1/10/2002 thóg Ó hUiginn €300,000 ar iasacht, agus d'úsáid sé cuid de chun áitreabh béal dorais a cheannach ar €250,000. Aontaíodh go n-íocfadh Ó hUiginn ús ar an lá deiridh den mhí ar ráta 6% sa bhliain. Bhí an tsuim chaipítíl le haisíoc mar chnapshuim sa bhliain 2010. Chun soláthar a dhéanamh dó sin treoraíodh don bhanc €2,500 a aistriú ar lá deiridh de gach mí ó chuntas gnó Uí Uiginn isteach i geiste infheistíochta.
- (iii) I gcaitheamh na bliana, lóisteáil Ó hUiginn díbhinní €2,500 sa chuntas gnó sa bhanc agus rinne na híocaíochtaí seo a leanas: solas agus teas €7,200, ús €3,000, pá agus speanais ghinearálta €98,000, trealamh €16,000, rátaí go ceann 12 mhí €10,800 agus táillí ollscoile €4,500.
- (iv) Mheas Ó hUiginn gur chóir 25% díobh seo a leanas: trealamh, solas agus teas a *úsáideadh* agus ús *le híos*, a chur i leith na rannóige príobháidí den áitreabh. De bhreis air sin, measann sé gur chóir 70% de na táillí ollscoile a chur i leith bhall teaghlaigh agus an chuid eile i leith fostaí.
- (v) San áireamh i sócmhainní agus i ndliteanais an ghnólachta ar 31/12/2002 bhí stoc €17,200, féichiúnaithe €34,300, creidiúnaithe trádála €29,900, airgead sa bhanc €68,462, leictreachas dlite €560 agus ús €75 tuillte ag an geiste infheistíochta go dtí sin.

Iarrtar ort a ullmhú, agus oibríochtaí agat chuige:

- (a) Ráiteas/Clár Comhardaithe ag taispeáint brabús nó cailteanas Uí Uiginn don bhliain dar chríoch 31/12/2002. (50)
 - (b) An Cuntas Trádála, Brabúis agus Cailteanais, leis an oiread sonraí agus is féidir, don bhliain dar chríoch 31/12/2002. (40)
 - (c) Maidir leis na sonraí a thugtar thuas, tabhair achoimre den chomhairle a chuirfeá ar Ó hUiginn. (10)
- (100 marc)**

ROINN 3 (80 Marc)
Freagair ceist AMHÁIN

Ceist 8. - Costáil

(a) **Luacháil stoc deiridh**

Baineann na sonraí seo a leanas leis na ceannacháin agus na díolacháin (gan CBL san áireamh) ag Ó Laoghaire Tta don bhliain 2002:

Tréimhse	Sonraí	Iomlán agus Praghas
01/01/02 go 31/03/02	Ceannacháin ar cairde	4,200 @ €7 an ceann
	Díolacháin ar cairde	1,300 @ €12 an ceann
	Díolacháin ar airgead	1,200 @ €11 an ceann
01/04/02 go 30/06/02	Ceannacháin ar cairde	3,200 @ €7 an ceann
	Díolacháin ar cairde	1,350 @ €12 an ceann
	Díolacháin ar airgead	1,500 @ €12 an ceann
01/07/02 go 30/09/02	Ceannacháin ar cairde	2,700 @ €8 an ceann
	Díolacháin ar cairde	1,400 @ €13 an ceann
	Díolacháin ar airgead	1,200 @ €11 an ceann
01/10/02 go 31/12/02	Ceannacháin ar cairde	2,300 @ €9 an ceann
	Díolacháin ar cairde	1,600 @ €13 an ceann
	Díolacháin ar airgead	900 @ €13 an ceann

Ar 1/1/2002 bhí stoc tosaigh 4,400 aonad ann @ €7 an ceann.

Iarrtar ort:

- (i) Luach an stoic deiridh a ríomh, an modh tús isteach, tús amach (FIFO) á úsáid agat.
- (ii) Cuntas Trádála a ullmhú don bhliain dar chríoch 31/12/2002.

(b) **Costáil táirge**

Cuideachta bheag is ea Ó Mathúna Tta le trí rannóg inti. Is iad seo a leanas costais bhuiséadaithe na cuideachta don bhliain seo chugainn.

Rannóg	Costais Athraitheacha	Costais Sheasta	Ráta pá san uair
X	€18 san uair	€8.50 san uair	€11
Y	€16 san uair	€7.50 san uair	€12
Z	€20 san uair	€4.00 san uair	€10

Déantar buiséadú ar an ráta ionsú forchostas riaracháin ghinearálta ar €4.50 in aghaidh na huaire.

Is iad seo a leanas na sonraí meastacháin do Jab Uimhir 999:

Costais ábhair €6,450.

Is iad na huaireanta saothair is gá i ngach rannóg faoi seach ná:

Roinn	Uaireanta
X	90
Y	180
Z	50

Iarrtar ort:

- (i) Praghas díolacháin Jab Uimhir 999 a ríomh má shocraítear an brabús ar 25% den phraghas díolacháin.
- (ii) Luaigh dhá chúis atá le costáil táirgí agus mínigh iad araon.

(80 marc)

9. **Buiséadú solúbhta**

Déanann Ó Raghallaigh comhpháirt don tionscal leictreonaice. Ullmhaíodh na buiséid sholúbtha seo a leanas cheana féin do chumas táirgthe na monarchan ar 55%, 70% agus 85%:

Leibhéal aschuir	55%	70%	85%
Aonaid	11,000	14,000	17,000
Costais	€	€	€
Ábhair dhíreacha	143,000	182,000	221,000
Tuarastail dhíreacha	99,000	126,000	153,000
Forchostais táirgeachta	74,000	92,000	110,000
Forchostais eile	36,000	45,000	54,000
Speansais riaracháin	<u>29,000</u>	<u>29,000</u>	<u>29,000</u>
	<u>381,000</u>	<u>474,000</u>	<u>567,000</u>

Déantar brabús a bhuiséadú mar 22% de na díolacháin.

Iarrtar ort:

- (a) (i) Na costais a aicmiú ina gcostais sheasta, athraitheacha, agus mheasctha.
- (ii) Forchostais táirgeachta a roinnt ina míreanna seasta agus athraitheacha.
- (iii) Forchostais eile a roinnt ina míreanna seasta agus athraitheacha.
- (iv) Buiséad solúbtha a ullmhú do leibhéal gníomhaíochta 96%.
- (v) Athleagan a chur ar an mbuiséad, agus prionsabail na costála imeallaí á n-úsáid agat agus taispeáin an ranníocaíocht.
- (b) Mínigh Príomhthoisic Bhuiséid. Cén fáth a n-ullmhófaí buiséad solúbtha agus cad a léiríonn sé?

(80 marc)